

“Heileo”  
Ag labhairt ar an bhfón



**Tuiscint & forbairt foclóra**  
Focail agus frásaí a bhaineann le comhráite gutháin



**Feasacht teanga**  
Ag úsáid foclóirí ar líne



**Scileanna cumarsáide**  
Ag labhairt ar an bhfón, teachtaireacht a thógáil, déileáil le drochlíne

## A: TUISCINT AGUS FORBAIRT FOCLÓRA

### 1. Cuir in ord

Bí ag obair leis an duine in aice leat. An féidir libh na habairtí a dúirt Malachai sa mhír físe a chur san ord ceart? Cuirigí 1 leis an gcéad abairt, 2 leis an dara ceann agus araile. Tá an chéad abairt déanta chun cabhrú libh. Féachai gí ar an bhfíseán arís. An raibh an ceart agaibh?

Má thuigeann tú leat mé.	
Em, tá sí fíorghnóthach anois faoi láthair.	
Is ea, ach breathnaigh, déarfaidh mé léi gur ghlaigh tú.	
Agus, eh, níor mhaith liom i ndáiríre go gcuirfí isteach uirthi.	
Heileo, a Chóilí.	1
Tá faitíos orm anois, nach bhféadfadh.	
An dtuigeann tú, tá sí i lár comhrá le duine fíorthábhachtach i saol na n-ealaíon,	
Eh, tá, tá. Tá Sadie anseo. Tá, go cinnte.	

### 2. Busy

Conas a deirtear an focal *busy* as Gaeilge? An bhfuil níos mó ná bealach amháin ann chun é a rá?

### 3. Tá faitíos orm

Féach arís ar an tslí ar úsáid Malachai an frása ‘tá faitíos orm’. An bhfuil frásaí eile ar eolas agat a bhfuil an chiall chéanna leo?

## B: FEASACHT TEANGA

### 1. Na ranna cainte

- a) Bíonn eolas faoi na ranna cainte le fáil sna foclóirí. Cuidíonn an t-eolas sin linn an focal cuí a roghnú. Cén Ghaeilge atá ar na ranna cainte seo thíos? An féidir leat a mhíniú cad go díreach atá i gceist leo?

noun	
verb	
adjective	

- b) Tá an-chuid focal sa Bhéarla a bhfuil níos mó ná brí amháin ag baint leo. Tóg an focal ‘patient’, mar shampla. Is ainmfhocal é sin a chiallaíonn ‘duine atá tinn’ ach is aidiacht é chomh maith, a chiallaíonn ‘in ann fanacht’. Ní mór dúinn a bheith cúramach, mar sin, agus muid ag cuardach focal sna foclóirí Béarla-Gaeilge, sa chaoi is go roghnóimid an focal cuí. Tá leideanna úsáideacha in [www.focloir.ie](http://www.focloir.ie) le cabhrú linn an focal cuí a roghnú, m.sh:

**patient**  
 1 *NOUN MED*  
 othar *masc1* 🗣️ CMU  
 patient care cúram othar

2 *ADJECTIVE*  
 foighneach *adj1* 🗣️ CMU  
 you have to be patient with them ní mór a bheith foighneach leo, is gá duit foighne a bheith agat leo, ní mór foighne a dhéanamh leo

Bí ag obair leis an duine in aice leat agus aimsígí na leaganacha éagsúla de na focail Bhéarla thíos ar [www.focloir.ie](http://www.focloir.ie).

	Brí 1	Brí 2
patient	ainmfhocal – othar	aidiacht – foighneach
fly		
last		
jam		
suit		

## 2. Focail agus foclóirí

Bí ag obair leis an duine in aice leat agus tugaigí faoin tasc thíos.

Duine A: Téigh go dtí [www.foclóir.ie](http://www.foclóir.ie) agus cuardaigh na focail Bhéarla thíos ar an suíomh:

- an briathar ‘can’
- an t-ainmfhocal ‘car’
- an aidiacht ‘shy’

Duine B: Téigh go dtí [www.foclóir.ie](http://www.foclóir.ie) agus cuardaigh na focail Bhéarla thíos ar an suíomh:

- an briathar ‘look’
- an t-ainmfhocal ‘child’
- an aidiacht ‘easy’

Anois, pléigí na ceisteanna seo le chéile:

- An raibh na focail sin ar fad ar eolas agaibh?
- Cén leagan de gach focal a úsáideann sibh féin?
- Cén fáth a bhfuil an oiread sin leaganacha éagsúla ann, dar libh?

## 3. Focail agus fuaimneanna

Téigí go dtí [www.teanglann.ie](http://www.teanglann.ie) (foghraíocht). Éistigí leis na focail thíos á rá os ard. Pléigí na difríochtaí idir fuaim na litreacha a bhfuil líne fúthu, mar shampla ‘d’ leathan (‘airgead’) seachas ‘d’ caol (‘airgid’).

d leathan vs d caol:	airge <u>d</u>	vs	airg <u>i</u> d
t leathan vs t caol:	t <u>a</u> bla	vs	t <u>e</u> ach
ch leathan vs ch caol:	ar <u>ch</u> úl stáitse	vs	le <u>ch</u> éile
l leathan vs l caol:	<u>l</u> abhair	vs	<u>l</u> abhar
r leathan vs r caol:	roth <u>a</u> r	vs	roth <u>h</u> aír

# C: CUMARSÁID

## 1. Frásaí coitianta i gcomhrá ar an bhfón

Bí ag obair leis an duine in aice leat agus féachaigí ar na frásaí thíos.

- Cuirigí NF in aice leis na frásaí atá neamhfhoirmiúil (nach n-úsáidfeá i gcomhthéacs oibre nó le duine nach bhfuil mórán aithne agat orthu).
- An féidir libh cur leis na habairtí thíos?

### Ag cur tús le comhrá

Scéal ar bith? Aon scéal?

Cén t-ainm atá ort féin?

Conas atá tú?

Tá mé ag lorg eolais faoi SnasTV. An tusa an duine ceart? (Is mé/Ní mé)

Cé leis a bhfuil mé ag caint?

Dia dhuit. Seo Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad. (Seo) Máire ag caint.

Heileo! (nó Haigh!)

Sin Aisling, ab ea? (Is ea/ Ní hea)

### Ag cur deireadh le comhrá

An féidir liom aon ní eile a dhéanamh duit?

Caithfidh mé imeacht.

Bíodh lá deas agat.

Tá mé ar shiúl.

Is mór agam do ghlaoch.

Go raibh míle maith agat as glaoch.

Ádh mór. Beannacht Dé leat.

### Ag tógáil teachtaireachtaí

An bhféadfainn teachtaireacht a ghlacadh / a thabhairt di?

Tá sé i lár cruinnithe faoi láthair.

### Soiléiriú a lorg:

Heileo, an gcloiseann tú mé?

Tá tú ag teacht agus ag imeacht ansin.

Mo leithscéal, tá an líne go dona.

## 2. Rólghníomhaíochtaí

Bígí ag obair in bhur mbeirteanna. Tugaigí faoi na rólghníomhaíochtaí thíos. Bainigí úsáid as na frásaí coitianta thuas le linn na gníomhaíochta.

Duine A: Is tuismitheoir tú. Tharla eachtra ar scoil inné a raibh tú an-mhíshásta fúithi agus tá tú ag iarraidh labhairt le príomhoide na scoile faoi. Tá tú ag gaoch anois den cheathrú huair agus ba mhaith leat a bheith cinnte gur thug an rúnaí do theachtaireacht don phríomhoide. Tá tú in amhras gur thug.

Duine B: Is rúnaí scoile tú agus tá an tuismitheoir seo tar éis gaoch ceithre huair inniu faoi mhionrud a tharla ar scoil inné. Tá an príomhoide an-ghnóthach agus níl tú ag iarraidh cur isteach uirthi leis seo.



Duine A: Cuireann tú scairt ar sheanchara leat. Ní raibh sibh ag caint le chéile le tamall fada. Tá tú le pósadh, tá post nua agat agus cheannaigh tú teach nua bliain ó shin. Tá go leor le rá agaibh le chéile ach tá drochlíne ann.

Duine B: Cuireann seanchara leat scairt ort. Ní raibh sibh ag caint le chéile le fada an lá. Dhíol tú do theach agus beidh tú ag bogadh go Nua-Eabhrac go luath. Tá go leor le rá agaibh le chéile ach tá drochlíne ann.

## 3. Ag fágáil teachtaireachta

Fág teachtaireacht ag do chara. Seo an *scenario*:

Tá tú ar an traein isteach go lár na cathrach chun bualadh le cara leat. Tá moill ar an líne agus tá an ceangal idirlín imithe agus ní féidir leat téacs a sheoladh. Cuireann tú gaoch ar do chara chun an scéal a mhíniú ach ní fhreagraíonn siad. Fág glórphost dóibh. Tabhair freagra ar na ceisteanna seo thíos i do ghlórphost.

- Cad atá tarlaithe?
- Cén t-am a bheidh tú sa chathair?
- Cá mbuailfidh tú leo?
- Cad a dhéanfaidh má thagann aon athruithe ar na socruithe sin?

Abair amach do theachtaireacht os comhair an ranga **nó** déan é a thaifeadadh ar an bhfón póca.

#### 4. Do ghlórphost pearsanta a thaifeadadh

Taifead do ghlórphost pearsanta anois, is é sin an teachtaireacht a chloiseann daoine nuair nach féidir leat an glaoch a thógáil, mar shampla: *Seo guthán Aoife, níl mé ar fáil faoi láthair....*

Cuir do ghlórphost i gcomparáid leis na cinn a bhí ag na daoine eile sa rang.

# FREAGRAÍ

## A: TUISCINT & FORBAIRT FOCLÓRA

### 1. Cuir in ord

1. Heileo, a Chóilí.
2. Eh, tá, tá. Tá Sadie anseo. Tá, go cinnte.
3. Em, tá sí fíorghnóthach anois faoi láthair.
4. Agus, eh, níor mhaith liom i ndáiríre go gcuirfí isteach uirthi.
5. Tá faitíos orm anois, nach bhféadfadh.
6. An dtuigeann tú, tá sí i lár comhrá le duine fíorthábhachtach i saol na n-ealaíon,
7. Má thuigeann tú leat mé.
8. Is ea, ach breathnaigh, déarfaidh mé léi gur ghlaigh tú.

### 2. Busy

Gnóthach, cruógach, broidiúil, gafa.

### 3. Tá faitíos orm

Is oth liom a rá. / Is eagla liom. / Tá eagla orm. / Ar an drochuair ...

## B: FEASACHT TEANGA

### 1. Ranna cainte

a) Féach:

noun/ainmfhocal	Focal a thagraíonn do dhuine, rud, nó áit.
verb/briathar	Focal a úsáidtear chun cur síos ar ghníomh, ar staid nó ar rud atá ag tarlú.
adjective/aidiacht	Focal a thugann níos mó eolais faoi ainmfhocal.

b) Pléigh na sainmhínithe is coitianta leis na foghlaimeoirí tar éis dóibh féin na focail a chuardach:

	Brí 1	Brí 2
<b>patient</b>	ainmfhocal – othar	aidiacht – foighneach
<b>fly</b>	ainmfhocal – cuileog	briathar – eítíl
<b>last</b>	aidiacht - déanach/ deireanach	briathar - mair/ seas/ lean ar aghaidh
<b>jam</b>	ainmfhocal - subh; sáinn; tranglam (m.sh. tranglam tráchta)	briathar - ding/ sáigh/ brúigh
<b>suit</b>	culaithe	briathar – oir (do)

## 2. Focail agus foclóirí

Iarr ar gach beirt an ghníomhaíocht a dhéanamh leo féin ar dtús agus pléigh tusa torthaí a gcuide oibre ina dhiaidh sin. Féach:

### Duine A

Can: is féidir le/tig le/féad

Car: carr/gluaisteán/mótar/cairt

Shy: cúthail/faiteach/cotúil

### Duine B

Look: féach/breathnaigh/amharc

Child: páiste/leanbh/gasúr

Easy: éasca/furasta

## 3. Focail agus fuaimeanna

Tabhair deis do gach beirt éisteacht leis an tslí a bhfuaimnítear na focail ar fad. Bíodh plé agat leis an rang iomlán ansin faoi na difríochtaí fuaime.

# C: CUMARSÁID

## 1. Frásaí coitianta ar an bhfón (a agus b)

Féach:

### Ag cur tús le comhrá

Scéal ar bith? Aon scéal? (NF)

Cén t-ainm atá ort féin?

Conas atá tú? (NF)

Tá mé ag lorg eolais faoi SnasTV. An tusa an duine ceart? (Is mé/Ní mé)

Cé leis a bhfuil mé ag caint?

Dia dhuit. Seo Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad. (Seo) Máire ag caint.

Heileo! (nó Haigh!) (NF)

Sin Aisling, ab ea? (Is ea/Ní hea) (NF)

### Frásaí breise

Conas is féidir liom cabhrú leat?

Nóiméad amháin, le do thoil, cuirfidh mé tríd chuig an mbainisteoir thú.

Fan go n-aistroidh mé thú.

B'fhéidir gurbh fhearr duit labhairt le mo chomhghleacaí. An bhfuil peann agat ansin?

Tabharfaidh mé a uimhir duit.

Cén chaoi a bhfuil cúrsaí? (NF)

Cad é an chraic? (NF)

### Ag cur deireadh le comhrá

An féidir liom aon ní eile a dhéanamh duit?

Caithfidh mé imeacht. (NF)

Bíodh lá deas agat.

Tá mé ar shiúl. (NF)

Is mór agam do ghlaoch.

Go raibh míle maith agat as glaoch orm.



Ádh mór. Beannacht Dé leat. (NF)

#### Frásaí breise

Ní choinneoidh mé thú./ Scaoilfidh mé leat. (NF)

Tiocfaidh mé ar ais chugat ar ball beag/ chomh luath agus is féidir.

Beimid ag caint. (NF)

#### Ag tógáil teachtaireachtaí

An bhféadfainn teachtaireacht a ghlacadh/a thabhairt di?

Tá sé i lár cruinnithe faoi láthair.

#### Frásaí breise

Tá sí fíorghnóthach/ gafa anois faoi láthair.

Níor mhaith liom cur isteach uirthi.

Níl sé san oifig faoi láthair.

#### Soiléiriú a lorg

Heileo, an gcloiseann tú mé?

Tá tú ag teacht agus ag imeacht ansin.

Mo leithscéal, tá an líne go dona.

#### Frásaí breise

Abair sin arís, le do thoil. Ní chloisim go rómhaith thú!

Tá drochlíne ann.

Tá an líne an-bhriste.

Níl aon chomhartha agam.

Mo leithscéal, is cosúil go bhfuil moill ar an líne.

## 2. Rólghníomhaíochtaí

Roinn an rang i mbeirteanna arís agus iarr ar na foghlaimeoirí an dá rólghníomhaíocht a dhéanamh le chéile. Bí ag siúl timpeall chun cuidiú leo. Iarr ar fhoghlaimeoirí éagsúla na comhráite a dhéanamh os comhair an ranga.

## 3. Ag fágáil teachtaireachta

Léigh tríd an *scenario* leis an rang ar fad le bheith cinnte go dtuigeann siad cad atá le déanamh. Is féidir leis na foghlaimeoirí an teachtaireacht a scríobh má chuidíonn sé sin leo, ach ní gá. Iarr ar gach foghlaimeoir a t(h)eachtaireacht a rá os comhair an ranga. Pléigí na difríochtaí a bhí idir na teachtaireachtaí ar fad.

## 4. Do ghlórphost pearsanta a thaifeadadh

Cuir na ceisteanna seo ar an rang: An bhfuil glórphost pearsanta agaibh? Cén teanga ina bhfuil an glórphost? Iarr orthu ansin a nglórphost phearsanta a scríobh. Abair amach an ceann seo más gá:

Seo guthán Aoife, níl mé ar fáil faoi láthair. Fág teachtaireacht le do thoil agus tiocfaidh mé ar ais chugat chomh luath agus is féidir.

Iarr ar gach foghlaimeoir a g(h)lórphost a léamh amach os comhair an ranga.

## AN SCRIPT

---

### Intreoir

Fáilte chuig SnasTV Ros na Rún. Sraith 2, Ceacht 2. Heileo – Ag labhairt ar an bhfón.

(Dling dling) Dia dhuit. Seo SnasTV. Conas is féidir liom cabhrú leat? Ní bhíonn sé éasca a bheith ag caint ar an ghuthán i dteanga ar bith, go háirithe i dteanga nach bhfuil ar ár dtoil againn. Bíonn brú breise ag baint le comhráite ar an ghuthán nuair nach féidir linn an duine eile a fheiceáil. Is féidir mar sin féin, scileanna agus cleasa beaga a fhoghlaim a chuideoidh leat cumarsáid éifeachtach a dhéanamh ar an ghuthán. *It's not always easy to communicate on the phone, especially in a language that is not our mother tongue. But there are certain phrases and tricks we can learn to help us communicate more effectively in those stressful phone conversations.*

Féach ar na nathanna cainte úsáideacha atá ag Malacháí sa mhír seo chun teachtaireacht a ghlacadh agus chun déileáil le duine atá meáite ar labhairt le Sadie. *See how Malacháí deals with a very eager caller in a firm but polite manner in this short clip from Ros na Rún:*

### An mhír fise ó Ros na Rún

Malacháí: Heileo, a Chóilí.

Eh, tá, tá. Tá Sadie anseo. Tá, go cinnte.

Em, tá sí fíorghnóthach anois faoi láthair. Agus eh níor mhaith liom i ndáiríre go gcuirfí isteach uirthi.

Tá faitíos orm anois, nach bhféadfadh.

An dtuigeann tú, tá sí i lár comhrá le duine fíorthábhachtach i saol na n-ealaíon, má thuigeann tú leat mé.

Is ea, ach breathnaigh, déarfaidh mé léi gur ghlaoigh tú.

### Ar thuig tú?

- Tá sí fíorghnóthach – *she's extremely busy*. Tá sí gafa.
- Níor mhaith liom i ndáiríre go gcuirfí isteach uirthi – *I really wouldn't want her to be interrupted*.
- Tá faitíos orm nach bhféadfadh – *I'm afraid it wouldn't be possible*.
- Má thuigeann tú leat mé – *if you know what I mean*.
- Breathnaigh ... *Look ...* Féach.
- Déarfaidh mé léi gur ghlaoigh tú – *I'll tell her you called*. Hmmn, an dóigh leat go dtabharfaidh sé an teachtaireacht do Sadie?

### Spotsolas ar an gcumarsáid

Caithfidh muid spotsolas anois ar na frásaí sin a bhíonn úsáideach agus muid ag caint ar an ghuthán. Is gá dúinn a bheith cúramach freisin, mar ní hionann an comhrá a bheadh againn le cara ar an ghuthán agus le duine éigin i gcomhthéacs gairmiúil nó foirmiúil. *It's important to adapt our language register for formal and informal phone conversations.*

Seo anois cúpla frása a bheadh úsáideach i gcomhthéacs foirmiúil nó san obair:

**Chun tús a chur le comhrá**

Dia dhuit. Seo Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad. (Seo) Máire ag caint.

Cé leis a bhfuil mé ag caint? Cén t-ainm atá ort féin?

Sin Aisling, ab ea? (Is ea/ Ní hea)

Tá mé ag lorg eolais faoi SnasTV. An tusa an duine ceart? (Is mé/Ní mé)

**Chun teachtaireachtaí a thógáil**

Mo leithscéal, tá brón orm ach ...

Tá sé i lár cruinnithe faoi láthair.

An bhféadfainn teachtaireacht a ghlacadh/a thabhairt di?

**Chun deireadh a chur le comhrá**

An féidir liom aon ní eile a dhéanamh duit?

Go raibh míle maith agat as glaoch.

Is mór agam do ghlaoch.

Bíodh lá deas agat, mar a déarfadh na Meiriceánaigh, nó leaganacha níos dúchasaí, b'fhéidir: Ádh mór. Beannacht Dé leat.

Ar ndóigh, nuair a bhíonn muid ag caint le cara nó le duine muinteartha linn ar an bhfón, is minic a bhíonn réim theanga i bhfad níos neamhfhoirmiúla i gceist. Mar shampla, is dócha nach 'Dia dhuit' a déarfaimis ar chor ar bith, ach 'Haigh'.

Féachfaidh muid anois ar chuid de na frásaí sin a úsáideann muid agus muid ar an ghuthán le cara nó duine muinteartha linn.

**Chun tús a chur le comhrá**

Heileo, haigh!

Cad é mar atá tú?

Scéal ar bith? Aon scéal?

**Chun deireadh a chur le comhrá**

Tá mé ar shiúl.

Scaoilfidh mé leat.

Caithfidh mé imeacht.

Tá cleasa eile a bhíonn úsáideach nuair a bhíonn sé deacair duine a thuiscint ar an ghuthán nó nuair a bhíonn an líne go holc. Féach ar na cinn seo ...

Heileo, an gcloiseann tú mé?

Mo leithscéal, tá an líne go dona.

Tá tú ag teacht agus ag imeacht.

Anois, téigh go dtí an bhileog oibre a théann leis an fhíseán seo le neart nathanna maithe eile a fháil a bhaineann le comhrá a bheith agat ar an ghuthán.

**Ar thug tú faoi deara?**

Dúirt Malacháí sa mhír go raibh Sadie ‘fíorghnóthach’, nó ‘gnaitheach’ mar a deirim féin. Is focal iontach coitianta é an focal ‘gnóthach’, ach tá leaganacha éagsúla den fhocal sna canúintí ar fad. Ná

déan dearmad gur féidir leat dul go dtí [www.teanglann.ie](http://www.teanglann.ie) agus ansin go dtí an rannóg foghraíochta le fuaimniú focal a aimsiú. Déanfaidh muid le chéile anois é.

Téigh go dtí [www.teanglann.ie](http://www.teanglann.ie). Scríobh isteach an focal ba mhaith leat a chloisteáil. Clliceáil ar an rannóg ‘foghraíocht’. Ansin, clliceáil ar na canúintí éagsúla.

Ach, ní hamháin nach ionann an tslí a bhfuaimnítear an focal sin ‘gnóthach’ ar fud na tíre, ach tá go leor focal eile ann i nGaeilge ar an fhocal Béarla sin *busy*. Tar liom anois go dtí [www.foclóir.ie](http://www.foclóir.ie).

Téigh go dtí [foclóir.ie](http://www.foclóir.ie). Scríobh isteach an focal atá á chuardú agat. Féach ar na focail ar fad a chiallaíonn *busy*. Agus, cosúil leis an rannóg foghraíochta ar [teanglann.ie](http://www.teanglann.ie), is féidir na focail a chloisteáil sna canúintí ar fad.

Anois mura bhfuil sibh róchruógach nó róbhroidiúil, féachaigí ar an mhír arís le dul siar ar gach rud a d’fhoghlaim tú.

